2025/1306

30.6.2025

# CINNEADH (CBES) 2025/1306 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

## an 24 Meitheamh 2025

## lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) (EUPOL COPPS/1/2025)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/354/CBES ón gComhairle an 3 Iúil 2013 maidir le Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh 2013/354/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh maidir le Ceann Misin a cheapadh ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').

(2) An 26 Márta 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/1031 ([2]), lena gceaptar Karin LIMDAL ina Ceann Misin EUPOL COPPS ón 1 Aibreán 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2024.

(3) An 26 Meitheamh 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/1816 ([3]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Karin LIMDAL bheith ina Ceann Misin EUPOL COPPS ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025.

(4) An 29 Aibreán 2025, mhol Ardionadaí go gcuirfí síneadh le sainordú Karin LIMDAL ina Ceann Misin ar EUPOL COPPS ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear síneadh le sainordú Karin LIMDAL ina Ceann Misin Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige faoi réir cinneadh a bheith glactha ag an gComhairle lena gcuirtear síneadh le sainordú EUPOL COPPS amhail ón 1 Iúil 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meitheamh 2025.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*

D. PRONK

---

([1]) IO L 185, 4.7.2013, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/354/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/1031 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 26 Márta 2024 maidir le Ceann Misin Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) (EUPOL COPPS/1/2024) a cheapadh (IO L, 2024/1031, 2.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1031/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2024/1816 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 26 Meitheamh 2024 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS) (EUPOL COPPS/2/2024) (IO L, 2024/1816, 27.6.2024,, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1816/oj).